2026/2335

22.10.2026

MOLADH (AE) 2026/2335 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Deireadh Fómhair 2026

maidir le faireachán a dhéanamh ar láithreacht pairifíní clóirínithe i mbia

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim in 2020 maidir le pairifíní clóirínithe (CPanna), ar a dtugtar alcáin pholaclóirínithe (PCAnna) go minic sa cheimic anailíseach, i mbeatha agus i mbia ([1]). Shonraigh an tÚdarás nach bhféadfadh sé measúnú láidir nochta a dhéanamh ná, dá bhrí sin, saintréithriú riosca iomlán a dhéanamh, mar gheall ar easpa sonraí agus tháinig sé ar an gconclúid nach raibh díorthú treoirluach sláintebhunaithe le haghaidh pairifíní clóirínithe iomchuí an tráth sin. Mhol an tÚdarás, chomh maith le nithe eile, go bhforbrófaí modhanna anailíseacha bailíochtaithe chun a chinneadh an raibh pairifíní clóirínithe ann, chomh maith le caighdeáin oiriúnacha pairifíní clóirínithe agus ábhar tagartha a chinneadh. Chun measúnú láidir ar nochtadh an duine a chumasú, mhol sé freisin tuilleadh sonraí a bhailiú maidir le pairifíní clóirínithe gearrshlabhracha (SCCPanna), pairifíní clóirínithe meánslabhracha (MCCPanna) agus pairifíní clóirínithe fadslabhracha (LCCPanna) a bheith i mbia, ar a dtugtar freisin PCAnna arb é C_{10} go C_{13}, C_{14} go C_{17} agus C_{18} go C_{30} a bhfad slabhra.

(2) Is toradh é ar obair Shaotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um thruailleáin orgánacha mharthanacha (POPanna) halaiginithe i mbeatha agus i mbia maidir le modh a fhorbairt agus a bhailíochtú chun anailís a dhéanamh ar phairifíní clóirínithe i mbia ar i líon beag sain-saotharlann amháin atá modh le fáil chun anailís a dhéanamh ar na pairifíní clóirínithe uile, lena n-áirítear LCCPanna.

(3) Dá bhrí sin, chun gur féidir sonraí láidre a bhailiú agus ós rud é gurb iad na PCAnna a bhfuil fad slabhra C_{10}-C_{17} acu an príomhghrúpa PCAnna atá i mbia, ba cheart cur chuige anailíseach lena gcinntear suim na PCAnna sin i mbia le modh anailíse a bhfuil an trealamh ar fáil ar bhonn níos forleithne lena aghaidh agus a dhéanann anailís nach bhfuil an t-ualach céanna ag baint leis. Mar sin féin, chun a áirithiú go ndéanfar anailís mhionsonraithe leordhóthanach gan acmhainneacht na sain-saotharlann a shárú, agus, go háirithe, chun tuilleadh faisnéise a bhailiú maidir le dáileadh sonrach i mbia PCAnna a bhfuil fad slabhra éagsúil acu agus maidir le comhghaolú shuim PCAnna a bhfuil fad slabhra C_{10-17} acu le PCAnna ag a bhfuil slabhraí níos faide, ba cheart samplaí ó ghrúpaí sonracha bianna a sháraíonn tairseach áirithe maidir le suim na PCAnna sin a dhíorthaítear ó na sonraí atá ann cheana a bheith faoi réir anailís i sain-saotharlanna ar gach PCA, lena n-áirítear PCAnna a bhfuil fad slabhra C_{18}-C_{30} acu.

(4) Dá bhrí sin, is iomchuí a mholadh go ndéanfaí faireachán ar phairifíní clóirínithe i mbia.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

(1) Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhar le hoibreoirí gnólachta bia, faireachán a dhéanamh ar láithreacht pairifíní clóirínithe i mbia le linn na mblianta 2026, 2027, 2028 agus 2029.

(2) Ba cheart grúpaí bia a áireamh san fhaireachán sin, mar a shonraítear i bpointe (4).

(3) Ba cheart suim na PCAnna ag a bhfuil fad slabhra C_{10}-C_{17} a chinneadh le Crómatagrafaíocht Gháis in éineacht le Mais-Speictriméadracht Sraithe (GC-MS/MS) nó le Crómatagrafaíocht Gháis in éineacht le Mais-Speictriméadracht Ísealtaifigh (GC-LRMS). I gcás ina gcuirtear teicnící tomhais malartacha i bhfeidhm, ba cheart fianaise a bheith ar fáil go dtugann siad torthaí freisin do shuim na PCAnna a bhfuil fad slabhra C_{10}-C_{17} acu. I gcás ina bhfuil an leibhéal suime de PCAnna a bhfuil fad slabhra C_{10}-C_{17} acu níos airde ná an luach tairsí a shonraítear i bpointe (4), ba cheart anailís a dhéanamh ar na PCAnna uile, lena n-áirítear na PCAnna a bhfuil fad slabhra C_{18} – C_{30} acu, trí úsáid a bhaint as Crómatagrafaíocht Leachta (LC) nó Crómatagrafaíocht Gháis (GC) in éineacht le Mais-Speictriméadracht Ardtaifigh (HRMS).

([1]) Painéal Contam an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (Painéal maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia), 2020. Tuairim Eolaíoch – Measúnú riosca ar phairifíní clóirínithe i mbeatha agus i mbia. Iris EFSA 2020;18(3):5991, 220 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5991.

(4) Is iad seo a leanas luachanna tairsí shuim na PCAnna ag a bhfuil fad slabhra C_{10}-C_{17}:

i gcás an éisc	100 ng/g fliuchmheáchain
i gcás bainne agus táirgí déiríochta	20 ng/g fliuchmheáchain
i gcás olaí agus saillte plandúla agus ainmhíocha	1 000 ng/g saille
i gcás táirgí de bhunadh ainmhíoch cé is moite d'iasc, bainne, táirgí déiríochta agus saillte ainmhíocha (e.g. feoil, uibheacha, …)	300 ng/g saille
i gcás bianna próiseáilte (béilí iomlána)	50 ng/g fliuchmheáchain
i gcás bia do naíonáin	20 ng/g fliuchmheáchain

(5) Ba cheart do na Ballstáit agus d'oibreoirí gnólachta bia na sonraí a sholáthar don Údarás lena dtiomsú i mbunachar sonraí amháin i gcomhréir le ceanglais na Treoraíochta ón Údarás maidir leis an Tuairisc Chaighdeánach ar Shamplaí (TCS) le haghaidh Bia agus Beatha agus le ceanglais tuairiscithe shonracha bhreise an Údaráis ([2]).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

([2]) https://www.efsa.europa.eu/en/call/call-continuous-collection-chemical-contaminants-occurrence-data-0.